# An tSonraíocht don Oideachas Ealaíon – CCanna

## 1. Cad é an tsonraíocht don Oideachas Ealaíon?

Is cuid den Churaclam Bunscoile athfhorbartha í an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* a bhfuil sé mar aidhm aici oideachas cuimsitheach a thabhairt do pháistí. Áiríonn sí Ealaín, Ceol agus Drámaíocht chun páistí a threalmhú leis an eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcaí agus na luachanna a theastaíonn chun a gcumas gníomhúcháin mar dheantóirí ealaíon a chothú.

## 2. Cad iad na hábhair don Oideachas Ealaíon?

Tugann an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* le chéile trí ábhar ar leith ón gcuraclam 1999 – Na hAmharcealaíona, Drámaíocht agus Ceol. Tá a bhfoghlaim riachtanach féin ag gach ceann díobh, lena n-áirítear coincheapa agus eolas le fiosrú agus le forbairt. Chomh maith leis sin, osclaíonn an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* spás d'fhoirmeacha ealaíne eile ar nós damhsa agus ealaíona na meán.

## 3. Cé mhéad ama a chuirtear ar fáil don Oideachas Ealaíon?

Seo an t-íos-am molta don *Oideachas Ealaíon* de réir *Chreatchuraclaim na Bunscoile* (2023):

**Céim 1 ( Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha)**

9 n-uaire an chloig sa mhí

**Céim 2 (Rang 1 & 2)**

9 n-uaire an chloig sa mhí

**Céimeanna 3 & 4 (Rang 3–6)**

8 n-uaire an chloig sa mhí

Ina theannta sin, féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as am solúbtha chun tacú leis an *Oideachas Ealaíon* - suas le 5 uair sa mhí ag Céim 1, suas le 6 uair ag Céim 2, agus suas le 7 n-uaire ag Céimeanna 3 & 4.

## 4. Cad a fhoghlaimeoidh páistí san Oideachas Ealaíon?

San *Oideachas Ealaíon*, foghlaimíonn páistí conas iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus go muiníneach trí Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, chomh maith le foirmeacha ealaíne eile mar aon le damhsa agus ealaíona na meán. Rachaidh siad i mbun eispéiris shaibhre, shúgartha agus chéadfacha a spreagann a samhlaíocht agus a chuidíonn leo an domhan thart timpeall orthu a


thuiscint. Le fiosrú, cruthú, léiriú, cur i láthair, freagairt agus ceangal, forbraíonn páistí raon leathan scileanna, eolas, coincheapa agus meonta a thacaíonn leo mar dhéantóirí ealaíon gníomhacha, machnamhacha agus gníomhaíocha.

San Ealaín, foghlaimíonn páistí conas meáin éagsúla a iniúchadh agus a úsáid lena gcuid smaointe, mothúchán agus eispéireas ar leith a chur in iúl trí ealaín 2T, 3T, meán measctha agus saothair dhigiteacha. Foghlaimíonn siad faoi choincheapa ealaíne ar nós líne, cruth, dath, uigeacht, patrún agus spás agus spreagtar iad luach a chur ar shaothair ealaíne ó chomhthéacsanna stairiúla, áitiúla agus comhaimseartha.

Sa Drámaíocht, foghlaimíonn páistí conas róil a ghlacadh, carachtair a léiriú, scéalta a chomhchruthú a dhéanann iniúchadh ar théamaí, caidrimh agus aincheisteanna. Foghlaimíonn siad muinín chun tobchumadh, drámaíocht a dhéanamh agus a léiriú ag úsáid a gcoirp, guthanna, gluaiseachta agus spáis. Foghlaimíonn siad conas machnamh a dhéanamh ar a gcuid drámaíochta agus saothar daoine eile, ag forbairt a gcuid tuisceana ar phlota, carachtar, teannas agus míniú.


Sa Cheol, déanann páistí ceol lena nguthanna, a gcorp, uirlisí ceoil agus uirlisí digiteacha. Déanann siad iniúchadh ar rithimí, foinn agus struchtúir, agus forbraíonn siad scileanna éisteachta, cumadóireachta, léirmhínithe agus léirithe i gceol ó chultúir agus traidisiúin éagsúla. Foghlaimíonn siad faoi choincheapa ceoil ar nós buille, tuinairde, dinimic agus tondath.

Trasna na bhfoirmeacha ealaíne go léir, foghlaimíonn páistí meas ar na healaíona ar a son féin agus conas a nascann na healaíona lena saol, lena bpobail, lena gcultúir agus leis an saol níos leithne, rud a chuireann bonn láidir faoi thaitneamh agus luach ar na healaíona ar feadh a saoil.



## 5. Cad iad cuid de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?

- Tá na hábhair san *Oideachas Ealaíon* (Ealaín, Drámaíocht, Ceol) le feiceáil taobh le chéile i sonraíocht amháin.
- Déantar cur síos ar pháistí mar 'déantóirí ealaíon' agus mar 'déantóirí ealaíne', 'déantóirí drámaíochta' agus 'déantóirí ceoil'. Oibríonn siad go bríoch lena gcéadfaí, a n-intinn agus a gcoirp chun smaointe a ghiniúint, roghanna ealaíne a dhéanamh agus iad féin a chur in iúl go samhlaíoch. Mar dhéantóirí ealaíon, foghlaimíonn páistí trí ghníomhú. Baineann siad úsáid as réimse leathan ábhar, teicnící agus taithí, agus nascann siad a gcuid ealaíona lena saol agus leis an domhan níos leithne. Cuireann rannpháirtíocht ghníomhach, céadfach agus coirpraithe le cumas na bpáistí dul i ngleic mar dhéantóirí ealaíon a thuigeann agus a chuireann luach ar ábharthacht, tionchar, áilleacht agus luach na n-ealaíon.
- Tá struchtúr snáithe coiteann ag na hábhair go léir san *Oideachas Ealaíon*. Is iad seo: Fiosrú agus cruthú, Freagairt agus ceangal, Léiriú agus cur i láthair. Tá na snáitheanna fite fuaite lena chéile, rud a chinntíonn go bhfaigheann páistí taithí fhairsing agus chothrom foghlama.




- Tá Torthaí Foghlama sa tsonraíocht a dhéanann cur síos ar treo na foghlama thar chéim dhá bhliain.
- Tá Torthaí Foghlama a thacaíonn le cur chuige comhtháite san *Oideachas Ealaíon* san áireamh.
- Tá liostaí coincheapa nuashonraithe do gach ábhar san *Oideachas Ealaíon*.
- Tá treoir maidir le cur chuige oideolaíochta a thacaíonn le taithí foghlama spraíúil, céadfach, éispéireasach agus cultúrfhreagrach.
- Tá deiseanna le forbairt na bpríomhinniúlachtaí mar a leagtar amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (2023) leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama.
- Soláthraíonn an tsonraíocht naisc le haghaidh iniúchadh ar 'foirmeacha ealaíne eile' ar nós ealaíona na meán, rince agus ealaíona comhtháite.

## 6. Cad is brí le 'foirmeacha ealaíne eile'?

Aithníonn an churaclam luach le cuir chuige leathana agus cothrom a chuimsíonn taithí ealaíon chomhtháite agus foghlaim in iliomad foirm ealaíne. San Oideachas Ealaíon, taobh le Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, féadfaidh páistí dul i mbun 'foirmeacha ealaíne' ar nós damhsa agus ealaíona na meán, rud a ligfidh dóibh na snáitheanna agus Torthaí Foghlama a iniúchadh agus a nascadh ar bhealaí éagsúla. Ós rud é go bhfuil damhsa mar réimse gníomhaíochta sa Chorpoideachas, is féidir le múinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar an nasc idir an t-ábhar seo agus damhsa. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh dul i mbun ealaíona na meán agus iniúchadh a dhéanamh ar an nasc idir foghlaim san Oideachas Ealaíon agus foghlaim san Oideachas ETIM nó i dteangacha. Cabhraíonn sé seo le páistí taithí a fháil ar raon leathan ealaíon, cruthú agus freagairt dóibh, agus léiríonn sé an nádúr idirnasctha a bhaineann le heisprisean ealaíonta.


## 7. Conas a fhoghlaimeoidh páistí san Oideachas Ealaíon?

Cothaíonn gach sonraíocht na cuir chuige oideolaíochta seo a leanas:

- Oideolaíocht idirphlé
- Teagasc follasach
- Comhtháthú
- Súgradh agus oideolaíocht spraíúil

Chomh maith leis seo, cuireann sonraíocht an Oideachais Ealaíon na cuir chuige oideolaíochta seo a leanas chun cinn chun taithí foghlama leathan agus iomlán a sholáthar do pháistí:

- Cuir chuige chruthaitheacha
- Oideolaíocht chultúrfreagrach
- Cuir chuige eispéireasacha
- Cuir chuige chéadfacha agus chorpraithe



## 8. Cad é ról an chomhtháthaithe san Oideachas Ealaíon?

Aithníonn an tsonraíocht don *Oideachas Ealaíon* an gá atá le foghlaim shonrach in ábhair ar leith agus léiríonn sí deiseanna freisin don fhoghlaim chomhtháite trasna ábhair Oideachais Ealaíon. Tá struchtúr snáithe coiteann trasna na n-ábhar agus tá Torthaí Foghlama comhtháite i ngach céim, deartha chun cabhrú le múinteoirí naisc idir ábhair *Oideachais Ealaíon* agus deiseanna le comhtháthú iomlánaíoch agus bríoch trasna an churaclaim a aithint ar bhealach níos éasca.

## 9. An féidir le scoileanna comhoibriú le comhpháirithe seachtracha chun gnéithe áirithe den Oideachas Ealaíon a eascú?

Is féidir nascanna idir scoileanna agus an pobal ealaíon níos leithne foghlaim na bpáistí a shaibhriú agus a fhorbairt. Ag amanna, d'fhéadfadh scoileanna roghnú comhoibriú le comhpháirtí (bíodh sé ina chomhghleacaí sa scoil nó i scoil in aice láimhe, ealaíontóir, éascaitheoir seachtrach nó acmhainn dhigiteach) chun foghlaim san ealaín a éascú. I gcás ina mbíonn ionchuir, cláir, agus éascaitheoirí seachtracha ann, coinníonn an múinteoir ranga ról lárnach agus gníomhach maidir le foghlaim agus teagasc. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis sin tacú le páistí, teagasc foirne agus a chinntiú go mbíonn ceangail fhiúntacha le réamhfhoghlaim agus foghlaim amach anseo trí thaithí foghlama leathan agus cothrom.